



**An Roinn Gnó,
Fiontar agus Nuálaíochta**
Department of Business,
Enterprise and Innovation

Ráiteas Straitéise 2018-2021

Aibreán 2018
dbei.gov.ie

Clár na nÁbhar

Brollach	3
Fís, Misean, Luachanna	4
Ár Spriocanna	5
Réamhrá agus Comhthéacs	6
Sprioc 1: Fiontraíocht agus fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a choimeád ar fud na réigiún uile	12
Sprioc 2: Bheith chun tosaigh ar chur chuige Rialtais uile maidir leis an timpeallacht is iomaíche a fhorbairt d'infheistíocht, táirgiúlacht agus poist inbhuanaithe	13
Sprioc 3: Éire a chur chun cinn mar Cheannaire Nuálaíochta Domhanda	15
Sprioc 4: Tacaíochtaí caidrimh dhearfaigh san áit oibre, sásraí réitigh díospóidí dea-fheidhmiúla, forfheidhmiú láidir ceart fostaíochta agus timpeallacht shábháilte oibre a sheachadadh	16
Sprioc 5: A chinntiú go n-éascaíonn rialachán gnó infheistíocht ghnó agus forbairt, iomaíocht san áit mhargaidh, ardchaighdeáin um chosaint tomhaltóirí agus rialachas corparáideach agus go soláthróidh sé buntáiste iomaíochta d'Éirinn sa mhargadh domhanda	17
Sprioc 6: Oibriú go huailmhianach le Páirtithe AE agus Idirnáisiúnta ar fud raon leathan leasanna, lena n-áirítear Brexit	19
Sprioc 7: Infheistiú inár bhfoireann agus ár n-acmhainní a bharrfheabhsú	20
Aguisín 1: Clár RGFN le haghaidh Thiomantais an Rialtais	22
Aguisín 2: Oibriú go comhoibríoch le Ranna eile	24
Aguisín 3: Roinnt d'Fhóiraim Príomh-Páirtithe Leasmhara de chuid na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta	26
Aguisín 4: Spriocanna arna leagan amach in Fiontraíocht 2025 agus Nuálaíocht 2020	28
Aguisín 5: Ár gGníomhaireachtaí agus á nOifigí	34

Brollach

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú an Ráitis Straitéise, a forbraíodh, ag cur san áireamh Brexit agus dúshlán agus deiseanna suntasach domhanda reatha eile. Thar an tréimhse atá clúdaithe faoin Ráiteas Straitéise, leanfaidh mo Roinn ag obair chun cumas táirgiúil ár ngeilleagair a spreagadh agus timpeallacht ina dtacaítear le cruthú post agus coimeád post a chruthú agus a fhorbairt.

Leanfaimid le béim a chur ar a chinntiú go gcuirfear dlús faoi dhul chun cinn agus faoi fhás ar fud réigiúin uile na tíre. Leagan an Rialtas sprioc síos maidir le 200,000 post a chruthú faoi 2020, agus is ba mhaith linn 135,000 díobh sin a chruthú lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Le *Fiontraíocht 2025 Athnuaithe*, a lainseáil mé le déanaí, soláthrófar treo fhoriomlán d'fhorbairt na fiontraíochta agus cruthú post sna blianta amach romhainn. Tá sé ríthábhachtach chomh maith go bhforbrófar córas taighde agus nuálaíochta níos láidre lena chinntiú go mbeidh ár ngeilleagar fós athléimneach agus iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta agus tá sé ina thosaíocht againn chomh maith cur chun feidhme *Nuálaíocht 2020* a spreagadh.

Tá mé muiníneach go bhfuil an tiomantas is gá ag foireann mo Roinne, ag obair go dlúth lena gcomhghleacaithe sna hOifigí agus sna Gníomhaireachtaí, lena chinntiú go ndéanfar an misean agus na spriocanna uailmhianacha atá leagtha amach sa Straitéis a sheachadadh go rathúil.

Heather Humphreys, T.D.

An tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

I Ráiteas Straitéise 2018-2021 na Roinne leagtar amach seacht sprioc ardleibhéil ina ndírítear ar na tiomantais a tugadh dúinn sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta 2016. Déanfaidh an Roinn é sin í féin agus trína nOifigí agus Gníomhaireachtaí. Shainaithnímid spriocanna soiléire agus intomhaiste ar fud gach réimse agus oibreimid go comhoibríoch lenár gcomhleacaithe ar fud an Rialtais, gnó, páirtithe leasmhara eile agus ar leibhéal AE agus ar an leibhéal idirnáisiúnta chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Is í ár bhfoireann thiomanta agus chumasach ár bpríomhbhua agus beidh siad ríthábhachtach do sheachadadh rathúil ár spriocanna sna blianta amach romhainn. Tá muid rannpháirteach go hiomlán i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse, agus dírimid ar sheirbhísí ardchaighdeáin atá freagrúil agus ábhartha a sheachadadh, chun leas ár bpáirtithe leasmhara go léir.

Leis an bhfís, an misean agus na spriocanna atá léirithe sa Straitéis seo tabharfar treoir don phróiseas pleanála gnó bliantúil, inár rannáin agus inár n-aonaid ghnó. Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar an dul chun cinn ar sheachadadh ar bhonn leanúnach.

Dr Orlaigh Quinn, Ard-Rúnaí

An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

Ár bhFís

Déanfaimid an áit is fearr d'Éirinn le déanamh go maith sa ghnó, ag seachadadh fostaíocht iomlán inbhuanaithe agus caighdeán níos airde maireachtála ar fud gach réigiúin den tír.

Ár Misean


Beimid chun tosaigh le fostaíocht iomlán ardchaighdeán agus inbhuanaithe a chruthú agus a choimeád i ngach réigiún den tír trí thacaíocht a thabhairt don fhiontraíocht agus don nuálaíocht ar fud an rialtais, trí thacaíocht a thabhairt do bhonn gnó iomaíoch chun obair, fiontraíocht, trádáil, nuálaíocht agus infheistíocht a dhreasú agus trí margaí córa agus iomaíocha a chur chun cinn chomh maith leis an dea-chleachtas gnó trí obair rialála agus forfheidhmiúcháin na Roinne, a hOifigí agus a gníomhaireachtaí.

Ár Luachanna

Mar Roinn, cothaímid cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead, rud a bhfuil a bhunús in éiteas na seirbhíse poiblí um neamhspleáchas, macántacht, neamhchlaontach, oscailteacht, dínit agus meas.

Mar Státseirbhísigh, tugaimid tacaíocht do na caighdeán is airde gairmiúlachta, ionracais, oibiachtúlachta agus cáilíochta, agus tá siad sin ar fad lárnach dár ról a chomhlíonadh maidir le tacaíocht a thabhairt don phróiseas daonlathach agus freastal ar na daoine.

Ár Spriocanna



Réamhrá agus Comhthéacs

Maidir Linn

Tá príomhról ag an Roinn Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta (RGFN) maidir le cur chun feidhme bheartais an Rialtais a bhaineann le cumas táirgiúil an gheilleagair a spreagadh agus timpeallacht a chruthú ina dtacaítear le cruthú agus coimeád post. Tá an sainchúram ag an Roinn chomh maith iomaíocht chóir a chur chun cinn san áit mhargaidh, tomhaltóirí a chosaint agus oibrithe a chosaint. Trína Gníomhaireachtaí agus Oifigí, clúdaítear réimse leathan gníomhaíochta faoi shainchúraim na Roinne, lena n-áirítear;

- Éascaíocht a dhéanamh d'fhiontair nua-thionscanta agus d'fhiontair dhúchasacha,
- Infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh,
- Deiseanna easpórtála a fhás agus a neartú,
- Feabhas a chur ar iomaíochas agus ar tháirgiúlacht,
- Nuálaíocht agus fás a chur chun cinn trí infheistíocht i dtaighde agus forbairt,
- Iomaíocht chóir a chur chun cinn do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí,
- Díl cuideachtaí nua-aimseartha atá oiriúnach don fheidhm a chinntiú,
- Cearta oibrithe a chosaint lena n-áirítear a dteidlíocht ar shábháilteacht agus ar shláinte cheirde,
- Tacú le timpeallacht dhearfach caidrimh thionsclaíoch agus é a éascú,
- Beartas bunaithe ar fhianaise a dhéanamh a bheidh bunaithe ar fhianaise, a mbeidh bonn tacú curtha faoi ag taighde, anailís agus meastóireacht láidir,
- Riachtanais scileanna na fiontraíochta don todhchaí a shainiú,
- Cumas neamhspleách agus cúí rialála agus forfheidhmiúcháin a sholáthar, agus
- Ionadaíocht a dhéanamh ar son leasanna na hÉireann i bhfóiríom ábhartha AE, lena n-áirítear fóiríom na Comhairle Iomaíochais (ina gcuimsítear an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht agus Taighde), agus na Comhairle Gnóthaí Ginearálta (a thagann le chéile ina cruthú Trádála) agus EDT, ILO, ECFE agus na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI).

Dul Chun Cinn Leanúnach ach tá Dúshlán Fós ann....

Mar aon lena Gníomhaireachtaí agus lena hOifigí, agus ag obair go dlúth le páirtithe leasmhara ar fud an Rialtais, bhí ról suntasach ag an Roinn maidir le dul i ngleic leis na mórdhúshlán a bhí le sárú againn mar thír le blianta beaga anuas. Chuir an iarracht chomhoibríoch seo le slánú i ngeilleagar na hÉireann, ag méadú líon na ndaoine ag an obair agus ag neartú gheilleagar agus fheidhmíocht fiontraíochta na hÉireann. Thar an tréimhse sin, sheachadamar rath suntasach, faoi mar a léirítear le;

- Ó lainseáladh an chéad Phlean Gníomhaíochta do Phoist i R1 2012, 313,000 tá níos mó daoine ag obair agus ag fágáil go raibh 2,192,000 duine fostaithe sa Stát i R3 2017. Tháinig laghdú 184,400 ar líon na ndaoine dífhostaithe (-53%).
- Sa bhliain go dtí R3 2017, tháinig méadú 2.2% ar an bhfostaíocht iomlán. Thar an tréimhse chéanna, tháinig laghdú 13.1% ar an bhfostaíocht pháirtaimseartha agus tháinig méadú 6.9% ar an líon daoine a bhí ag obair go lánaimseartha.

- Tháinig laghdú 6.1%, ar an ráta coigeartaithe don dífhostaíocht shéasúrach d'Eanáir 2018, laghdú ó 7.4% in Eanáir 2017. B'ionann an dífhostaíocht fhadtéarmach agus 40.1% (65,500) de líon iomlán na ndaoine a bhí dífhostaithe i R3 2017 i gcomparáid le 49.5% bliain roimhe sin.
- Thar an mbliain go R2 2017 d'fhás an fhostaíocht níos gaiste sna réigiúin (3.0%) lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ná mar a d'fhás siad i mBaile Átha Cliath (1.4%) agus cruthaíodh thart ar 4 phost as 5 phost sna réigiúin.
- Sa bhliain go dtí R3 2017, tháinig méadú 10.4% agus 11.0% faoi seach ar an OTN agus OTN i dtéarmaí iarbhír.
- Tháinig fás 2.4% in 2016 (an figiúr is déanaí atá ar fáil) ar an táirgiúlacht (OTI in haghaidh na huaire a oibríodh)
- An líon is airde riamh d'easpórtálacha de €19.7 billiún in 2016 ag cliaint de chuid na ngníomhaireachtaí fiontraíochta (an figiúr is déanaí atá ar fáil)
- Le linn 2017, fuair ÚFT Éireann 237 infheistíocht úr.

In ainneoin na n-éachtaí sin, bhí dúshlán shuntasacha ann, go háirithe i gcomhthéacs forbairtí idirnáisiúnta le blianta beaga anuas.

Cé go bhfuil dúshlán úra agus dúshlán atá ag teacht chun cinn fós le sárú againn, dírímid ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo a chosaint agus leas a bhaint as agus a rochtain ar fud gach réigiúin den tír a leathnú, i gcás go gcaithfear dlús an dul chun cinn a luathú trí thacaíochtaí spriocdhírthe le haghaidh na fiontraíochta agus cruthú post.

Tá an timpeallacht eacnamaíoch dhomhanda ag éirí níos casta agus níos casta. Tá an neamhchinnteacht eacnamaíoch fós ard agus tá béim níos airde á cur ar a chinntiú go bhfuil ionadaíocht láidir á déanamh ar son leasanna na hÉireann agus go bhfuil siad á gcosaint go láidir, agus léirithe i gcintí idirnáisiúnta a thacaíonn lenár bpoist, lenár n-iomaíochas agus lenár gclár oibre táirgiúlachta. Cuireann forbairtí idirnáisiúnta a lán dúshlán agus deiseanna os ár gcomhair i ndáil le hiomaíocht le haghaidh infheistíocht mhóibíleach agus forbairt agus fás gnólachtaí dúchasacha.

Le cinneadh na Ríochta Aontaithe imeacht as AE agus an neamhchinnteacht lena mbaineann cuirtear dúshlán láithreacha agus shuntasacha os comhair ghnólachtaí na hÉireann agus do gach gné de shainchúram na Roinne agus inár rannpháirtíocht ag AE agus an EDT. Bainfidh impleachtaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha le imeacht RA as AE ar fud raon réimsí beartais a mbeidh tionchar díreach aige ar chruthú agus coimeád post, agus baineann riosca faoi leith leis do roinnt earnálacha fiontraíochta. I gcuid mhór cásanna, is earnálacha dlúthshaothair iad na hearnálacha sin, tá a gcorrlaigh bhrabúis níos ísle, agus tá lorg réigiúnach láidir ag baint leo. Beidh gá le freagairtí éagsúla ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ina leith sin ar leibhéal beartais agus leibhéal oibriúcháin araon.

Ár bhFreagairt

Is é ár Straitéis na rioscaí a íoslaghdú agus na deiseanna a uasmhéadú trí fhás agus athléimneacht fhiontraíochta na hÉireann i ndiaidh Brexit a chinntiú ag oibriú thar cheithre cholún faoi mar a leanas:

- **Cuidiú le Gnóthais dul san Iomaíocht:** Táimid ag obair ar fud an Rialtais leis an timpeallacht is fearr a chruthú chun gnó a fhás, easpórtáil a dhéanamh agus poist a chruthú. Áirítear ar phríomhghnéithe a chinntiú go bhfuil rochtain ag gnóthais ar airgead, go gcuirtear iomaíochas

náisiúnta chun cinn inár gcóras cánach agus infheistíocht bhonneagair, agus go bhfuil na hacmhainní cuí ag ár nGníomhaireachtaí chun cuidiú le gnólachtaí díriú ar iomaíochas ar leibhéal gnóthais.

- **A chur ar Chumas Gnóthas Nuálaíocht a dhéanamh:** Mar chuid dár straitéis bheith ina Cheannaire Nuálaíochta Domhanda, táimid ag díriú ar mhaoiniú T&F trínár nGníomhaireachtaí chun tacú leis an nuálaíocht i dtáirgí agus i bpróisis úra nach mór do ghnóthais iad a fhás agus dul san iomaíocht leo agus infheistiú sa chéad ghlúin nuálaithe eile.
- **Tacú le Gnóthais dul i mbun Trádála:** Táimid ag tacú le gnóthais le tosú ag easpórtáil, lena n-easpórtálacha féin a fháil i margaí reatha agus éagsúlú i margaí agus i réigiúin úra. Leanfaimid le hinfeistíocht thar lear a mhealladh agus muid ag obair le páirtithe AE chun punann na gComhaontuithe Saorthrádála a leathnú.
- **Idirbheartaíocht a dhéanamh Don Toradh is Fearr agus is Féidir:** Táimid ag obair ar fud an Rialtais lena chinntiú go bhfaighimid an toradh is fearr agus is féidir do ghnó ó idirbheartaíocht Brexit. Tá an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar thús chadhnaíochta ar bheartas trádála agus ar thionscadail taighde Brexit ina soláthrófar bonn fairsing fianaise agus anailís luachmhar le bonn eolais a chur faoi staid na hÉireann laistigh den AE-27 agus í a threorú.

Comhoibriú le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile, chun freagairt uile-Rialtais chun rioscaí a mhaolú agus deiseanna a uasmhéadú ó Brexit agus forbairtí idirnáisiúnta eile a chinntiú, mar aon le rannpháirtíocht chuiditheach oifigigh na Roinne ar fhóiraim ábhartha AE agus Idirnáisiúnta - beidh siad sin ar fad lárnach dá bhfreagairt. Oibreoidimid go comhoibríoch chun an toradh is buntáistí a bhaint amach d'Éirinn agus don AE chun an tionchar ar an bhfiontraíocht, ar an bhfostaíocht agus ar an bhfás a íoslaghdú. Cinnteoidimid chomh maith go bhfuil tacaíochtaí i bhfeidhm chun cuidiú le gnóthais oiriúnú do na dúshláin agus na deiseanna atá curtha i láthair ag Brexit. Cuirfear taca faoinár gcur chuige tríd an mbonn fianaise is gá a bhunú trí thaighde agus anailís agus trí úsáid a bhaint as rannpháirtíocht fhairsing geallsealbhóirí sa bhaile agus thar lear chun bonn eolais a chur faoinár bhfreagairt ar Brexit agus í a bhailíochtú.

Ar bhonn domhanda, tá a lán plé agus gníomhaíochta cruthaithe sa réimse cánachais chorparáidigh, agus is cosúil go leanfar leis sin. Tá tograí um athchóiriú ar chánachas corparáideach ag teacht ón gCoimisiún Eorpach i bhfoirm tograí athlainseáilte le haghaidh Comhbhonn Cánach Corparáide Comhdhlúite (CCCC), ón ECFE i bhfoirm gníomhaíochtaí BEPS agus ó SAM, i gcás gur achtaíodh athchóiriú forleathan ar an gcóras foriomlán cánachais. Tá a lán de phlé fós ag an gcéim luath. Leanfaimid ag obair go comhoibríoch le comhghleacaithe ar fud an Rialtais chun monatóireacht a dhéanamh ar an díospóireacht agus tionchar a imirt uirthi agus chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na dtograí ar ár dtairiscintí reatha. Príomhghné de shamhail ghnó na hÉireann is ea córas cánachais ghnó a tacaíonn leis an bhfiontraíocht agus cruthú post. Thug an Rialtas le fios go soiléir nach n-athrófar ár ráta 12.5 faoin gcéad de cháin chorparáide.

Tá dúshláin agus deiseanna móra curtha i láthair dá lán gnólachtaí ó fhorbairt an mhargaidh dhigitigh, a bhfuil athrú déanta aige ar an dóigh a ndéantar gnó go hidirnáisiúnta agus leanfar leis sin. Ní mór dúinn leas a bhaint as ár láidreachtaí in earnálacha faoi leith, mar shampla, an earnáil TFC, chun leas a bhaint as na deiseanna.

Leanfaimid le leas a bhaint as an gcultúr láidir nuálaíochta agus fiontraíochta chun ár gcumas fiontraíochta a neartú agus an meascán ceart idir fiontair eachtracha agus fiontair bhaile a chinntiú.

Tacóimid le gnólachtaí chun níos mó éagsúlacht margáí easpórtála a bhaint amach, rud a laghdóidh ár spleáchas ar thíortha aonair. Le margáí úra agus margáí atá ag teacht chun cinn cuirtear deiseanna suntasacha ar fáil d'fhás trádála agus infheistíochta agus is féidir comhaontuithe trádála idirnáisiúnta a threisiú chun deiseanna a chruthú. Dianóimid ár bhfócas chomh maith ar na margáí atá ann a fhorbairt agus a choimeád agus bainimid leas as ár suíomh gar do mhargáí móra a bhfuil tionchar acu, ina dtairgtear deiseanna do chuideachtaí Éireannacha le díolacháin agus easpórtálacha a fhás.

Tá an infheistíocht i TF&N fós níos ísle ná na tíortha comparáide agus tá an cion fiontar atá páirteach i dtaighde agus nuálaíocht íseal chomh maith. Ba mhaith linn go n-infheisteadh tuilleadh fiontar Éireannach i dtaighde agus i bhforbairt, agus tuilleadh comhoibriú a fheiceáil idir fiontair eachtracha agus fiontair Éireannacha agus idir fiontair, ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta.

Tá ráta dífhostaíochta na hÉireann, agus méid an daonra nach bhfuil gníomhach fós ina dhúshlán, go háirithe dífhostaíocht i measc na hóige agus dífhostaíocht ar leibhéal réigiúnacha agus ní mór dúinn oibriú go comhoibríoch chun spriocanna a bhaint amach chun an dífhostaíocht a laghdú go dtí na leibhéal atá leagtha amach sa Chlár Rialtas Comhpháirtíochta.

Tá buíon tallainne den scoth in Éirinn atá freagrúil do riachtanais an gheilleagair atá ag athrú agus atá éagsúil agus is é sin príomhláidreacht straitéiseach. Mar sin féin, tá ganntanais scileanna ann don ghnó i réimsí áirithe agus leanfaimid le féachaint le dul i ngleic leo sin lenar gcomhghleacaithe sa Roinn Oideachais agus Scileanna agus sa Roinn Gnóthaí Oideachais agus Coimirce Sóisialta agus trí chóras nua-aimseartha um cheadanna oibre. Tá éiceachóras fiontraíochta láidir ag Éirinn chomh maith a thacaíonn le, agus a mheallann gnólachtaí nuathionscanta nuálacha atá ábalta méadú sna margáí idirnáisiúnta.

Coinneoimid ár bhfócas ar an iomaíochas agus ní mór dúinn freagairt le chéile ar léiriú costais agus brúnna iomaíocha aníos. Ní mór dúinn a chinntiú go ndéanfar difríochtaí táirgiúlachta a laghdú ar fud an gheilleagair.

Leanfaimid chomh maith dá láidreacht a chur chun cinn mar shuíomh ina bhfuil sé éasca gnó a dhéanamh agus mar shuíomh ina bhfuil ardchaighdeán maidir le rialachán gnó agus rialachas corparáideach.

Beidh ár bhfreagairt ar an dúshlán agus na deiseanna léirithe sa seachadadh na spriocanna inár Straitéis.

An Clár do Rialtas Comhpháirtíochta 2016 agus Príomhstraitéisí Eile

Sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta (Bealtaine 2016) athdhearbhaítear tiomantas agus uaimhian láidir na hÉireann don fhiontraíocht agus do phoist. Admhaítear ann an dul chun cinn suntasach atá déanta le cúig bliana anuas agus an tábhacht a bhaineann leis an dul chun cinn sin a choimeád agus earnálacha inbhuanaithe a chruthú nó a athfhorbairt a bheidh ábalta tacú le fás láidir leanúnach. Tiomnaítear ann d'uaimhian d'fhostaíocht iomlán agus pleananna a chur chun feidhme chun deiseanna úra eárnála agus réigiúnacha a sheachadadh a chuirfidh taca faoin uaimhian sin agus ar féidir leis an spás inár n-airgead poiblí a chruthú chun freastal ar uaimhianta práinneacha i réimsí eile.

Go sonrach, tá sé de sprioc sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíocht

- go mbeidh 200,000 post breise ann faoi 2020, lena n-áirítear 135,000 post lasmuigh de Bhaile Átha Cliath
- laghdú go 6% sa ráta dífhostaíochta náisiúnta
- fillleadh 70,000 imirceach ar a laghad a éascú
- tús áite a thabhairt d'fhorbairt réigiúnach chothromaithe, agus tá sé d'aidhm leis ráta dífhostaíochta a bheidh laistigh d'aon faoin gcéad de mheán an Stáit a bheith i ngach contae faoi 2020

Tugtar chun suntais chomh maith sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta an tábhacht a bhaineann le fostaíocht ardchaighdeán, cómhargáil, sásraí réitigh díospóidí dea-fheidhmiúla agus timpeallacht shábháilte oibre. Bainfidh tábhacht mhór leis na réimsí sin ar chlár oibre na Roinne thar an tréimhse atá cumhdaithe faoin Ráiteas Straitéise seo.

Is féidir liosta de na gníomhaíochtaí sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta a sheachadfaidh an RGFN a fháil ag Aguisín 1.

In *Fiontraíocht 2025*, a ghlac an Rialtas i mí na Samhna 2015, leagtar amach straitéis fhadtéarmach maidir le forbairt na fiontraíochta agus cruthaithe post. Cuireadh athbhreithniú ar an straitéis i gcrích i mí Feabhra 2018 i gcomhthéacs athruithe domhanda suntasacha ar dócha go mbeidh impleachtaí ag baint leo d'ionchais fiontraíochta na hÉireann. Ghlac an Rialtas *Fiontraíocht 2025 Athnuaite – athléimneacht a fhorbairt i bhfianaise na ndúshlán domhanda* i mí Feabhra 2018. Cé go bhfuil bunphrionsabail ár straitéise fiontraíochta fós slán – bunaithe ar an bhfás faoi stiúir easpórtála, tacaíthe ag nuálaíocht agus tallann, soláthraítear treo thábhachtach sa bheartas athnuaite dár nuaimhian thar thréimhse na Straitéise Roinne úir.

Ghlac an Rialtas *Nuálaíocht 2020* i mí na Nollag agus tá sé d'aidhm aige leas a bhaint as rath suntasach straitéis Eolaíochta an Rialtais le 10 mbliana anuas, tréimhse inar tháinig feabhas suntasach ar fheidhmíocht na hÉireann ar bhonn domhanda. Tá an phríomhfhreagracht ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta as maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh *Nuálaíocht 2020*.

Chomh maith le *Fiontraíocht 2025* agus *Nuálaíocht 2020*, cuirtear taca faoin Straitéis le líon príomhchreataí eile de chuid an Rialtais amhail an *Straitéis Náisiúnta Scileanna, Ireland Connected, Trading and Investing in a Dynamic World (2017)* agus *Foodwise 2025*.

Tagann straitéisí ár nOifigí agus ár nGníomhaireachtaí, a bheidh an-tábhachtach i seachadadh ár spriocanna agus cuspóirí, leis an Straitéis seo. Tá liosta dár nOifigí agus Gníomhaireachtaí leagtha amach in Aguisín 5 den doiciméad seo.

Athrú ar Fheidhmeanna ó Straitéis 2016-2019

Ó foilsíodh ár Straitéis 2016-2019:

- Aistríodh líon feidhmeanna ón Roinn go dtí an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta, le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2017, go háirithe sa réimse um beartas agus reachtaíocht ceart fostaíochta, freagracht as an gCoimisiún Pá Íseal agus as an bPá Íosta Náisiúnta.
- Cé go bhfuil gnéithe aonair den Straitéis um Margadh Aonair Digiteach faoi stiúir Ranna éagsúla, aistríodh an fhreagracht cheannaireachta as an Straitéis a chomhordú ó Roinn an Taoisigh chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2017.

Fócas an Rialtais Uile

Chun timpeallacht thacúil don fhiontraíocht agus do phoist a sheachadadh teastaíonn fócas leanúnach tras-Rialtais chun dul i ngleic leis na dúshláin sin sna blianta amach romhainn. Trí chur chuige comhpháirtíochta le Ranna Rialtais, an lucht fiontraíochta, comhlachtaí ionadaíocha, na gníomhaireachtaí forbartha fiontar (Fiontraíocht Éireann, ÚFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann) Oifigí Fiontar Áitiúil (OFÁna) agus eile, is féidir linn mórathrú a dhéanamh i bhfeidhmíocht agus in iomaíochas idirnáisiúnta ár n-earnálacha déantúsaíochta agus seirbhísí. Tugtar tacaíocht mhór sa Clár do Rialtas Comhpháirtíochta don chur chuige tras-Roinne seo. Tá samplaí de réimsí leathana leasa agus iarrachta comhoibríche le ranna Rialtais eile ar fud réimse leathan gnéithe dár gcuid oibre leagtha amach in Aguisín 2.

Athrú Inmheánach

Le blianta beaga anuas, rinneadh athruithe suntasacha ar an Roinn agus ar a hOifigí, ar bhonn struchtúrach agus teicneolaíoch araon, chun ár seachadadh seirbhíse a ailíniú ar bhealach níos fearr laistigh de na hacmhainní atá ar fáil. Leanfaimid le hinfheistíocht a dhéanamh inár bhfoireann agus leanfaimid ag tacú leo agus coinneoidimid athchóiriú lárnach dár seachadadh seirbhíse agus seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí. Táimid tiomanta go hiomlán dár gclár leanúnach um athrú sa Státseirbhís ina bhféachtar le hacmhainn a fhorbairt le freagairt ar dhúshláin atá ann cheana agus ar dhúshláin amach anseo, agus le feabhas a chur ar fheidhmíocht na Státseirbhíse agus a foirne. Maidir leis sin cuirfidh an Roinn tús le hAthbhreithniú ar an Acmhainn Eagraíochtúil in R1 2018.

Rath a Thomhas

Tá na spriocanna uileghabhálacha sa Straitéis seo leagtha amach sna leathanaigh seo a leanas. Inár Straitéis leagadh amach líon príomhthorthaí do gach sprioc uileghabhálach. Tá sé casta feidhmíocht eacnamaíoch, fiontraíochta agus nuálaíochta a thomhas agus ní thaispeántar an léargas iomlán le tomhas amháin ar bith. Tá sé tábhachtach chomh maith go ndíreoidimid ar líon meadarachtaí uileghabhálacha a bheidh comhlánaithe ag meadarachtaí feidhmíochta ar leibhéal gnóthais chun an fheidhmíocht fhoriomlán a mheasúnú. Tá meadarachtaí ábhartha ó *Fiontraíocht 2025* agus *Nuálaíocht 2020* leagtha amach in Aguisín 4.

Comhairliúchán

Mar chuid d'fhorbairt an Ráitis Straitéise 2016-2019, chuireamar próiseas comhairliúcháin fairsing i gcrích le réimse leathan páirtithe leasmhara spriocdhírithé lena n-áirítear comhlachtaí fostóirí, fostaithe agus comhlachtaí ionadaíocha tomhaltóirí, gníomhaireachtaí stáit, cisteoirí taighde agus comhlachtaí gairmiúla. Fuaireamar ionchur ó Ranna Rialtais eile agus fuaireamar i gcomhairle leis an gComhchoiste Oireachtais maidir le Poist, Fiontair agus Nuálaíochta. Tá líon d'fhóiraim thábhachtacha leanúnacha rannpháirtíochta i bhfeidhm ag an Roinn chomh maith le haghaidh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ar raon leathan ceisteanna, go háirithe leis an lucht gnó ag an am dúshlánach seo. Tá liosta de na fóiraim páirtithe leasmhara ina bhfuil an Roinn páirteach le fáil in Aguisín 3.

Spríoc

a hAon

Bheith chun tosaigh maidir le fiontraíocht agus fostaíocht ardchaighdeán a chruthú agus a choimeád i ngach réigiún sa tír trí thacaíocht a thabhairt do bhonn láidir fiontraíochta dúchasáí, meallacht leanúnach na hinfheistíochta díri eachtraí agus cultúr láidir fiontraíochta.

Stiúrfaimid, lenár ngníomhaireachtaí fiontraíochta, Fiontraíocht Éireann (FÉ), ÚFT Éireann (ÚFT) agus na hOifigí Fiontar Áitiúil (OFÁna), agus le páirtithe leasmhara eile, seachadadh spríoc an Chláir do Rialtas Comhpháirtíochta maidir le 200,000 post breise faoi 2020, lena n-áirítear 135,000 post lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Tabharfaidh tacaíocht do chuideachtaí dúchasacha de gach méid chun gnó a chur ar bun, gnó a fhás agus inmharthanacht a choimeád trí úsáid a bhaint as na córais tacaíochta is fearr. Leanfaimid le fócas a chur ar thacaíocht a thabhairt d'fhiontraíocht ag an luathchéim agus do ghnólachtaí nuathionscanta agus a chinntiú go ndéanfar beartais ar fud an Rialtais a ailíniú chun tacú le méadú agus idirnáisiúnu gach cuideachta a bhfuil sé d'acmhainneacht acu táirgí agus seirbhísí ard-bhreislúacha a dhíol i margaí thar lear.

Spreagfaimid feasacht maidir le deiseanna fiontraíochta úra a thiocfaidh as comhaontuithe idirnáisiúnta trádála agus infheistíochta AE, lena n-áirítear rochtain níos fearr ar an margadh, bealaí soláthair níos leithne, intuarthacht níos fearr sa timpeallacht trádála agus níos lú rómhaorlathais. Cinnteoidimid go mbainfidh Éire an leas is fearr agus is féidir as comhaontuithe trádála in earnálacha úra amhail earraí, seirbhísí agus infheistíocht an chomhshaoil. Cinnteoidimid go mbeidh beartas IDE na hÉireann, agus ár dtogra luacha in earnálacha ábhartha, fós iomaíoch ionas go seachadfaidh sé an meascán ceart de thionscadail infheistíochta isteach a bheidh inbhuanaithe agus a scaipfear ar bhonn réigiúnach. Príomhchuspóir is ea é rannpháirtíocht cuideachtaí IDE le geilleagar na hÉireann a neartú, mar shampla, trí chaiteachas díreach ar earraí agus seirbhísí. Leanfaimid le comhoibriú láidir agus naisc láidre a chur chun cinn idir earnálacha dúchasacha agus ilnáisiúnta.

Tabharfaimid freagairt ar na dúshlán shuntasacha, an neamhchinnteacht shuntasach agus na deiseanna suntasacha atá ann don ghnó de dheasca chinneadh na Ríochta Aontaithe imeacht as an AE agus forbairtí domhanda eile. Tuigimid go maith go bhfuil sé léirithe le fianaise go bhfuil na réigiúin (go háirithe réigiún na teorann) nochta do Brexit mar thoradh ar thionchar earnálacha fostaíochta áirithe. Agus muid ag féachaint don Spríoc sin coimeádfaimid agus oiriúnóimid an Plean Gníomhaíochta bliantúil do Phoist, atá formhuinthe ag an ECFE. Rachaimid i gcomhairle go forleathan lena chinntiú go mbeidh na smaointe is fearr sa Phlean le haghaidh cruthú post laistigh de na hacmhainní atá ar fáil. Oibreoidimid go dlúth chomh maith le ceannairí Réigiúnacha ar na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnaí do Phoist, Leagadh síos spriocanna Gníomhaireachta uailmhianacha agus déanfaimid ár ndul chun cinn a thomhas maidir leis an Spríoc sin gach bliain thar thréimhse na straitéise seo i gcoinne meadarachtaí sonracha, amhail leibhéal mhéadaithe infheistíochta, fás ar an bhfostaíocht, díolacháin agus easpórtálacha, leibhéal mhéadaithe fiontraíochta, gníomhaíocht mhéadaithe nuálaíochta san fhiontraíocht, agus leathadh fostaíochta a bheidh scaipeadh ar bhonn réigiúnach.

Torthaí

200,000 post breise cruthaithe faoi 2020, 135,000 post lasmuigh de Bhaile Átha Cliath

Méadú ar chumas agus ar fheidhmíocht ár n-earnála fiontraíochta ó thaobh cruthú post, infheistíochta, taighde agus táirgiúlacht de agus bonn níos leithne le haghaidh easpórtálacha.

Cohórt dúchasach láidir agus a bheidh ag fás de chuideachtaí a spreagfaidh fás easpórtála, fás eacnamaíoch agus poist, a thacóidh le forbairt chothromaithe réigiúnach agus a fheidhmeoidh ar na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr.

A chinntiú go bhfuil tacaíochtaí dóthanacha agus cuí i bhfeidhm chun cuidiú le gnóthais oiriúnú do na dúshláin agus na deiseanna atá curtha i láthair ag Brexit.

Rangú IDE domhanda den scoth, méadú ar líon na n-infheistíochtaí ó chuideachtaí thar lear in Éirinn agus mealladh cineálacha úra IDE chuig an tír, agus infheistíocht mhéadaithe i ngach réigiún.

Comhoibriú agus naisc mhéadaithe idir bonn FBManna dúchasacha agus cuideachtaí ilnáisiúnta.



Sprioc



a Dó

Beith chun tosaigh i gcur chuige uile-rialtais chun an timpeallacht is iomaíche a fhorbairt d'infheistíocht, táirgiúlacht agus poist inbhuanaithe.

Is muid an príomh-Ranna rialta a bhfuil tacaíocht á tabhairt againn d'fhorbairt timpeallachta iomaíche agus fabhraí chun fás fiontraíochta agus fostaíochta a chur chun cinn, infheistíocht a mhealladh agus fás táirgiúlachta a spreagadh. Soláthraimid peirspicíocht beartais mheántéarmach go fadtéarmach maidir le forbairt fiontar agus deiseanna fostaíochta inbhuanaithe chomh maith le tograí beartais faoi leith a chur ar aghaidh bunaithe ar thaighde beartais láidir bunaithe ar fhianaise.

Oibreoidimid le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile a mbeidh ról ríthábhachtach acu i dtimpeallacht beartais thacúil a bheidh i bhfabhar an ghnó a sheachadadh lena chinntiú go mbeidh Éire i measc na ngeilleagar i iomaíche sa domhan, go mbeidh sí freagrúil agus lúfar maidir le dul i ngleic le riachtanais na bhfiontar agus na n-oibríthe atá ag athrú agus ag a mbeidh meascán fiontar athléimneach agus inbhuanaithe.

Cuirfear béim faoi leith ar réimsí na cánach, airgeadais, bonneagair, trádála, fuinnimh agus an athraithe aeráide. Chuir ár n-uailmhian um beartas fiontraíochta bonn eolais faoi Chreat Náisiúnta Pleanála na hÉireann a lainseáladh i mí Feabhra 2018. Tá an creat sin, mar aon le Plean Forbartha Náisiúnta aillínithe 2018-2027, ina n-uirlisí tábhachtacha maidir le háiteanna cáilíochta a chruthú ar fud na hÉireann a bheidh mealltach d'infheistíocht ghnó (faoi úinéireacht Éireannach agus eachtrach araon) agus don fhiontraíocht, agus do dhaoine a gcónaíonn agus a n-oibríonn iontu. Beidh ról tábhachtach ag an RGFN i bhforbairt Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha, lena n-áirítear na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnaí athnuaite do Phoist, ag obair le páirtithe leasmhara lena chinntiú go bhfuil na príomhriachtanais i bhfeidhm chun acmhainneacht ár réigiún a bhaint amach.

Tá sé ríthábhachtach go n-oibreofar go comhoibríoch ar fud na rialtais chun tacú leis an bhfiontraíocht agus le poist i gcomhthéacs Brexit, cuir chuige beartais faoi riarachán reatha SA, forbairtí i gcánachas idirnáisiúnta, treo neamhchinnte an fháis dhomhanda, dlús an athraithe teicneolaíochta agus dúshláin eile a leagtha amach níos luaithe.

Leanfaimid le monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais scileanna an gheilleagair fiontraíochta atá ag athrú agus comhairle a thabhairt ina leith, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus soláthraithe eile. Beimid chun tosaigh maidir lena chinntiú go bhfreagróidh Éire do shamhlacha gnó úra, agus forbairtí margaidh agus teicneolaíochta lena chinntiú go mbeidh an timpeallacht is fearr againn chun an chéad sruth eile infheistíochta a mhealladh agus tuilleamh eachtrach a fhás faoi mar atá leagtha amach in Fiontraíocht 2025 Athnuaite. Leanfaimid le dara Plean Náisiúnta na hÉireann maidir le Freagracht Shóisialta Chorporáideach 2017-2020 'I dTreo Gnó Freagrach' a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht leis an bpobal gnó agus an earnáil phoiblí i gcoitinne.

Cuirfimid tograí beartais ar aghaidh agus tacóimid leis an bpeirspictíocht fiontraíochta ar fud an Rialtais trí rannpháirtíocht ghníomhach i nGrúpaí Oifigeach Sinsearach agus trí thacaíocht do Choiste Comh-Aireachta agus trínár dtacaíocht anailíse agus taighde do ghrúpaí amhail an Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna Amach Anseo ar Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais.

Torthaí

Ailíniú láidir idir an t-airgead poiblí agus riachtanais bonn fiontraíochta iomaíoch, dírithe ar easpórtáil agus táirgiúil lena n-uasmhéadaítear an acmhainneacht le haghaidh post, infheistíochta agus fáis ar thuilleadh eachtrach.

Ailíniú idir infheistíocht sa bhonneagar agus riachtanais fiontraíochta lena dtreisiítear iomaíochas agus táirgiúlacht réigiún.

Ailíniú idir tallann agus soláthar scileanna agus éileamh, lena n-áirítear uasc-sciliú cuideachtaí.

Bheith sna cúig thír bheaga is fearr ar domhan ó thaobh an iomaíochais de.

Rochtain níos fearr ar airgead a theastaíonn d'fhás ar chostas iomaíoch.

Cur chuige cóir agus cothrom a bhaint amach maidir le dul i ngleic lenár spriocanna um athrú aeráide 2030, agus an tionchar iomaíochais a íoslaghdú agus deiseanna d'fhás a chothú sa gheilleagar glas ag an am céanna.

Acmhainneacht fáis an Gheilleagair Dhigitigh agus Mhargadh Aonair Digiteach AE a uasmhéadú, lena mbainfear amach rochtain níos fearr do thomhaltóirí ar earraí agus ar sheirbhísí digiteacha ar fud na hEorpa.

Spríoc

a Trí

Bheith chun tosaigh in uailmhian uile-Rialtais maidir le hÉirinn a chur chun cinn mar Cheannaire Nuálaíochta Domhanda, ag spreagadh córas taighde agus forbartha a bheidh iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta, bonn nuálach fiontraíochta a chruthú agus sochaí níos fearr a fhorbairt.

In Nuálaíocht 2020, ár straitéis náisiúnta le haghaidh taighde agus forbartha, eolaíochta agus teicneolaíochta, leagtar amach fíis d'Éirinn bheith ina Ceannaire Nuálaíochta Domhanda. Is é is aidhm leis córas taighde agus nuálaíochta a bheidh iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta a chruthú, geilleagar inbhuanaithe a spreagadh agus ar deireadh, sochaí níos fearr a chruthú. Leanfaimid le cur chun feidhme Nuálaíocht 2020 a spreagadh ar fud an Rialtais chun príomhspríocanna a sheachadadh, lena n-áirítear an spríoc cheannlíne maidir le 2.5% OTN in T&F a infheistiú faoi 2020.

Tá an nuálaíocht lárnach do bhonn fiontraíochta a bheidh athléimneach agus iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta go háirithe i gcomhthéacs Brexit agus forbairtí domhanda eile. I dteannta le Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Fiontraíocht Éireann agus ÚFT Éireann, sreagfaimid rannpháirtíocht níos mó in TF&N ag fiontair Éireannacha agus eachtracha araon agus ag FBManna agus fiontair mhórsála agus tacóimid leis sin. Déanfaimid ár dtacaíochtaí a shaincheapadh agus díreoidimid ár n-infheistíocht ar réimsí deiseanna tráchtála a mbaineann tábhacht straitéiseach leo i gcás gur féidir linn ceannaireacht nuálaíochta a bhaint amach agus buntáiste iomaíoch a choimeád. Cuirfimid feabhas ar thacaíochtaí maidir le haistriú eolais ónár gcóras taighde poiblí chuig an bhfiontraíocht chun aschuir taighde ag a mbeidh níos mó acmhainneacht tráchtála a sheachadadh.

Mar an tír Eorpach ina bhfuil an cion is mó daoine óga, tá an deis againn ár dtallann a chothú chun freastal ar an dóigh is fearr ar riachtanais an phobail taighde, ár sochaí agus an gheilleagair. Trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann forbróimid an tallann sin agus taispeánfaimid na deiseanna in earnálacha úra eolasbhunaithe ár ngeilleagair do dhaoine óga. Tacóimid le taighdeoirí ag gach céim dá bhforbairt ghairme agus soláthróimid bealaí praiticiúla chun soghluaisteacht idir an lucht acadúil agus an fhiontraíocht a éascú. Tá sé mar aidhm le Nuálaíocht 2020 clárú mac léinn PhD agus Máistreacht Taighde a mhéadú i ndisciplíní atá ailínithe le riachtanais na fiontraíochta agus riachtanais náisiúnta. Cuireadh maoiniú ar fáil ó Bhuiséad 2018 do chlár úr iarchéimí a riarfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus lena maoiníofar clárúcháin taighdeoirí iarchéimí i ndisciplíní atá faoina sainchúram.

Sa réimse um maoiníocht, rachaimid i mbun dúshlán go gníomhach agus freagróimid orthu i gcomhthéacs an mhargaidh dhigitigh, tacóimid le neartú na nuálaíochta, lena n-áirítear ar an leibhéal fiontraíochta. Neartóimid ár gcreat reachtach cuimsitheach maidir le ceartas maoiníochtúla ar an leibhéal baile, AE agus idirnáisiúnta.

Leanfaimid le rannpháirtíocht in Deiseanna Nua 2020 a chur chun cinn chun méadú a dhéanamh ar an leibhéal taighde agus nuálaíochta in Éirinn, lena n-áirítear iomaíochas na gcuideachtaí atá ag oibriú in Éirinn; chun barr feabhas chóras taighde na hÉireann a fheabhsú; agus chun scileanna den scoth a chruthú. Comhordóimid an staid náisiúnta maidir le Clár Creat 9, an clár i ndiaidh clár Deiseanna Nua 2020, agus stiúrfaimid an idirbheartaíocht leis an AE maidir leis sin. Déanfaimid iniúchadh ar dheiseanna úra chun ár dtimpeallacht taighde agus nuálaíochta náisiúnta a threisiú trí

bhallraíocht ar an Eagraíochtaí Idirnáisiúnta Taighde, lena n-áirítear ballraíocht ar an Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas (ESO) ina nglacfaidh Éire páirt in 2018.

Torthaí

Dul chun cinn maidir le Ceannaire Nuálaíochta Domhanda a dhéanamh d'Éirinn.

Taighde sármaith agus a mbeidh tionchar aige i réimse atá ailínithe le riachtanais fiontraíochta na hÉireann.

Tacaíochtaí inrochtana taighde agus nuálaíochta a dhíreoidh ar riachtanais na fiontraíochta.

Córas Maoine Intleachtúla forásach a thugann luach saothair do chruthaitheoirí, a fhreastalaíonn ar riachtanais shoचाíochta níos leith agus a spreagadh leibhéil níos mó nuálaíochta ag gnólachtaí.

Comhoibriú taighde agus nuálaíochta feabhsaithe le páirtithe AE agus páirtithe idirnáisiúnta.

Spríoc

a Ceithre

Tacaíochtaí caidrimh dhearfaigh san áit oibre, sásraí réitigh díospóidí dea-fheidhmiúla, agus forfheidhmiú láidir ceart forfheidhmiúcháin agus timpeallacht shábháilte oibre a sheachadadh.

Tá forfheidhmiú ceart fostaíochta cáilíochta mar aon le caidreamh dea-fheidhmiúil san áit oibre agus sásraí réitigh díospóidí dea-fheidhmiúil agus timpeallacht shábháilte oibre ina ngnéithe de gheilleagar margaidh sóisialta ard-iomaíoch a thacaíonn le cothroime, a laghdaíonn éagothroime agus uasmhéadú cruthú post. Cinnteimid go dtacaíonn struchtúir chaidrimh san áit oibre le geilleagar láidir agus sochaí chóir trí chothromaíocht a fháil idir solúbthacht agus slándáil agus cosaint a chur ar fáil dóibh siúd ar fad atá ag obair

Tá an an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a bunaíodh in 2015 agus an Chúirt Oibreachais leathnaithe ag oibriú ag am dúshlánach don gheilleagar, agus cé go bhfuil sé ag fás go láidir, tá sé fós leochaileach i leith suaitheadh eacnamaíoch. Cinnteimid go dtacófar leis an innealra le haghaidh réiteach díospóidí san áit oibre chun seirbhís ghasta agus éifeachtach a sheachadadh.

Tacaíonn ár dtacaíocht don chóras Ceadanna Fostaíochta le hÉirinn mar shuíomh infheistíochta trína chur ar chumas fiontar tallann riachtanach a fháil ó thíortha thar lear. Uasmhéadaíonn sé na tairbhí um imirce eacnamaíoch agus íoslaghdaíonn sé na rioscaí cur isteach ar an margadh saothair. Seachadfaimid próiseas éifeachtach ceadanna fostaíochta chun iontráil daoine aonair ó thíortha neamh-LEE a rialáil atá solúbtha go leor le freagairt ar athruithe ar an margadh saothair.

Agus muid dul i dtreo fostaíocht iomlán, tá saothar chomh maith le ganntanais scileanna ag tosú ag teacht chun cinn. Tá an t-am ann le hathbhreithniú bunúsach a dhéanamh ar bheartais imirce eacnamaíche lena gcuirtear taca faoinár gcóras ceadanna fostaíochta lena chinntiú go dtacaíonn sé go hiomlán le riachtanais margaidh shaothair na hÉireann atá ag teacht chun cinn

Tá sábháilteacht agus sláinte na n-oibrithe ar fad ríthábhachtach. Tacóimid le sábháilteacht agus sláinte a bhaineann leis an obair agus le húsáid shábháilte ceimiceán agus raon cothrom agus comhréireach uirlisí ó fhaisnéis, feachtais phoiblíochta spriocdhírithé agus treoir, go dtí rabhaidh agus forfheidhmiú, nuair is gá.

Torthaí

Forfheidhmiú ceart fostaíochta a thacaíonn le geilleagar láidir agus sochaí chóir trí chothromaíocht a fháil idir solúbthacht agus slándáil agus a sholáthraíonn cosaint dóibh siúd ar fad atá ag obair.

Réiteach tráthúil agus éifeachtúil gearán aonair fostaíochta agus díospóidí comhchoiteanna chun tacaíocht do chómhargáil ordúil ar fud an gheilleagair a chomhlánú.

Tacaíocht a thabhairt don tionsclaíocht agus coimeád post trí thimpeallacht shábháilte oibre a chinntiú ina ndéantar sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe a chosaint agus ina gcoimeádtar na caighdeáin is airde sláinte agus sábháilteachta ceirde trí fhorfheidhmiú feabhsaithe, cigireachtaí ar an áit oibre bunaithe ar riosca agus smachtbhannaí éifeachtúla as neamhchomhlíonadh chomh maith le forfheidhmiú rialachán chun an baol ar shláinte agus sábháilteacht an duine de dheasca ceimiceán a úsáidtear ag an obair agus a úsáideann an pobal i gcoitinne a laghdú.

Córas ceadanna fostaíocht solúbtha bunaithe ar scileanna a bheidh spreagtha ag éileamh agus a thacaíonn le hÉirinn mar shuíomh infheistíochta trína chur ar chumas fiontar tallann riachtanach a fháil ó thíortha thar lear lena seachnaítear cur isteach ar an margadh saothair baile.

Spríoc

a Cúig

A chinntiú go n-éascóidh ár rialachán gnó infheistíocht agus forbairt ghnó, iomaíocht san áit mhargaidh, ardchaighdeáin cosanta tomhaltóirí agus rialachas corparáideach agus go soláthróidh sé buntáiste iomaíochta d'Éirinn sa mhargadh domhanda

Ag obair go dlúth le páirtithe leasmhara agus Ranna Rialtais eile, stiúramar forbairt rathúil um chreat dlí cuideachtaí atá seasmhach, trédhearcach agus nua-aimseartha. Riachtanas riachtanach is ea é sin chun fiontar dhúchasacha a chothú, IDE a mhealladh agus fás inbhuanaithe agus cruthú post a spreagadh. Rinne Éire neartú suntasach ar a creat reachtach maidir le nós imeachta coiriúil le blianta beaga anuas, ag tabhairt isteach tomhais níos spriocdhírithé chun imscrúdú agus ionchúiseamh na coireachta corparáidí agus rialála a neartú. Chun an creat reatha a fheabhsú tuilleadh, moladh sraith beart trína ndéanfar córas rialála agus forfheidhmiúcháin na hÉireann a athbheithniú agus a fheabhsú lena chinntiú go gcoimeádfaimid ár dtimpeallacht ghnó den scoth a bhfuil taca cur fúthu le rialachán agus reachtaíocht chuí.

Déanfaimid monatóireacht ar chur chun feidhme Acht na gCuideachtaí 2014 lena chinntiú go seachadfar na cuspóirí ardleibhéil sin agus go bhfreagróimid ar cheisteanna atá ag teacht chun cinn.

Tabharfaimid rialachán feabhsaithe chun críche chun feabhas a chur ar cháilíocht agus maoirseacht na hiniúcháireachta. Díreoidimid ar chun chun feidhme an chreata tuairiscithe rialacháin úir a sheachadfaidh tairbhí suntasacha, go háirithe do FBManna. Déanfaidh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) Clár um Úinéireacht Thairbhíúil do Chuideachtaí agus do Chumainn Tionscail agus Choigiltis chun trédhearcacht thart ar úinéireacht chuideachta a neartú i gcomhthéacs frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta.

Leanfaimid ag obair ar nuachóiriú na reachtaíocht corparáidí le hathbhreithniú, nuachóiriú agus comhdhlúthú na reachtaíochta lena rialáitear earnáil na gcomharchumann. Tríd an mBille um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú 2018) neartóimid cumhacht an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta chun úsáid na samhla socraíochta ísealchostais seo a uasmhéadú. Ba chóir go gcuideoidh sé sin leis na costais a bhaineann le héilimh díobhálacha pearsanta a laghdú.

Leanfaimid leis na moltaí maidir le Grúpa Oibre ar an gCostas Árachais atá faoi fhreagracht an RGBN/PIAB lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt don Choimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta chun feabhas a chur ar an timpeallacht um dhíobhálacha pearsanta in Éirinn.

Leanfaimid le freagairt a thabhairt ar dhúshláin úra agus cinn atá ag teacht chun cinn sa réimse beartais agus beartais tomhaltóirí agus a chinntiú go n-aimseofar cothromaíocht chuí idir na caighdeáin arda um chosaint tomhaltóirí a bhfuiltear ag súil leo agus cothrom na féinne i margaí a éascú ionas go mbeidh gnólachtaí ábalta dul san iomaíocht, foghlaim agus fás ar bhonn idirnáisiúnta. Comhdhlúthóimid agus nuachóireoidimid an reachtaíocht lena rialáitear soláthar earraí, seirbhísí agus ábhair dhigitigh chun creat soiléir agus cothrom do chearta tomhaltóirí a chruthú.

Bainfimid leas as ár rialachán maidir le ceimiceáin agus táirgí chun iomaíochas agus nuálaíocht a spreagadh trína chinntiú go ndéanfar táirgí a chuirtear ar fáil ar mhargadh na hÉireann nó a thugtar isteach den chéad uair ar na ceanglais cháilíochta is airde agus go gcomhlíonfaidh siad ceanglais na dTreoracha/Rialachán ábhartha agus nach gcuirfead sláinte, sábháilteacht nó leas poiblí ar bith eile i gcontúirt leo. Soláthróimid Seirbhís Bhreithnithe Conarthaí Tógála éifeachtach agus éifeachtúil.

Torthaí

Creat reachtach in Acht na gCuideachtaí 2014 a sheachadadh faoi mar a beartaíodh.

Sraith beart a sheachadadh chun an rialachas corparáideach a chur chun cinn agus timpeallacht chorparáideach, eacnamaíoch agus rialála na hÉireann a neartú.

Creat reachtach um thuairisciú airgeadais agus iniúcháireacht a bheith i bhfeidhm lena laghdaítear ualaí riaracháin agus costais ar fhiontair bheaga agus ar mhicrifhiontar agus lena bhfeabhsaítear rialachán agus maoirseacht na hiniúcháireachta reachtúla.

Creat reachtach nua-aimseartha cuimsitheach maidir le dlí conarthaí tomhaltóirí a achtú.

Acmhainneacht shamhail an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta a uasmhéadú.

Reachtaíocht chomhdhlúite agus nua-aimseartha maidir le hearnáil na gcomharchumann, lena n-áirítear i dtaca le rialachas corparáideach agus trédhearcacht, a éascaíonn forbairt na hearnála.

Sprioc

a Sé

Oibriú go huailmhianach ar fud an Rialtais lenár bpáirtithe AE agus idirnáisiúnta chun dul chun cinn a bhaint amach i bhfóraim AE agus idirnáisiúnta, trasna réimse leathan leasanna, lena n-áirítear Brexit.

Tá rannpháirtíocht láidir ag an Roinn i réimse leathan réimsí beartais AE agus tá sí i gceannas ar bheartas trádála agus iomaíochais AE, lena n-áirítear ar leibhéal AE agus EDT araon. Tá an fhreagracht fhoriomlán againn as beartas náisiúnta trádála agus táimid i gceannas ar chúrsaí trádála AE agus EDT. Ag obair ar fud an Rialtais agus lenár bpáirtithe AE agus idirnáisiúnta, leanfaimid le hionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ar leibhéal AE, ag obair le hinstitiúidí AE lena n-áirítear ag Comhairlí Iomaíochais agus Trádála, chun tionchar a imirt ar bheartais atá ag teacht chun cinn a thacóidh le seachadadh ár gclár oibre post, iomaíochais agus fáis. Leanfaidh an Roinn le tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh uailmhianacha chun an Margadh Aonair a neartú, go háirithe i seirbhísí, agus an Margadh Aonair Digiteach a neartú i réimsí beartais atá laistigh dár bhfreagracht, agus tacú le príomhshruthú an iomaíochais i réimsí beartais eile. Tá freagracht ag an RGFN chomh maith as ceadúnais easpórtála agus earraí dé-úsáide agus míleata, faoi chomhaontuithe AE agus Idirnáisiúnta eile. Tá taighde leanúnach agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ar bun chun beartas bunaithe ar fhianaise a fhorbairt chun tacú leis na haidhmeanna sin. Leanfaimid lenár rannpháirtíocht ghníomhach, lena n-áirítear trí chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle, leis an Seimeastar Eorpach i dtaca leis an gclár oibre post agus fáis, treoirlínte agus moltaí a bhaineann go sonrach le tír áirithe.

Ceann de na dúshláin is suntasaí atá le sárú againn is ea imeacht na Ríochta Aontaithe as an AE. Oibreoidimid i gcomhar le comhghleacaithe ar fud an Rialtais chun an toradh is buntáistí a bhaint amach, d'Éirinn agus don AE, chun an tionchar ar an bhfiontraíocht, ar an bhfostaíocht agus ar an bhfás a íoslaghdú. Féachfaimid le comhpháirtíochtaí trádála a fhás agus a neartú agus feabhas a chur ar ár líonrú le Ballstáit agus hinstitiúidí AE, chun cailteanas na Ríochta Aontaithe mar chomhghuaillí a bhfuil an dearcadh céanna acu agus atá againn féin a mhaolú. Leanfaimid chomh maith de chaidreamh láidir déthaobhach leis an Ríocht Aontaithe a choimeád agus a neartú.

Oibreoidimid le leasanna na hÉireann a chur chun cinn agus a chosaint ar fud réimse forbairtí tábhachtacha EDT a bhfuiltear ag súil leo teacht chun cinn thar thréimhse na seirbhíse seo (lena n-áirítear tabhairt chun críche Comhaontaithe Earraí Comhshaoil, cur chun feidhme Comhaontaithe Teicneolaíochta Faisnéise leasaithe, fairsingiú i gclúdach Chomhaontú Soláthair an Rialtais, tabhairt chun críche Comhaontaithe um Thrádáil i Seirbhísí (i dtreocheangal leis an EDT), agus forbairtí tábhachtacha a bhfuiltear ag súil leo maidir le Talmhaíocht agus Trádáil Dhigiteach). Deis is ea ballraíocht iomlán na hÉireann ar Chomhlacht Rialála na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ó 2017-2020 don Roinn le tionchar a imirt ar fhorbairt an chláir oibre idirnáisiúnta i dtaca le Todhchaí na hOibre. Cuirfimid le plean cur chun feidhme na hÉireann lena gcuirtear chun cinn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFIanna). Glacfaimid an phríomhfhreagracht as sé sprioc SFI agus comhroinnfimid an fhreagracht as dhá sprioc eile i réimsí amhail fostaíocht, timpeallachtaí sábháilte agus slána oibre, nuálaíocht a chothú agus cuideachtaí a spreagadh chun cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh agus a thuairisciú.

Torthaí

Clár oibre straitéiseach AE a bhaint amach, agus ionadaíocht láidir a dhéanamh ar son leasanna na hÉireann, i réimsí an iomaíochais, trádála, dlí cuideachtaí, dócmhainneacha agus gnóthaí tomhaltóirí.

Spríocanna an AE agus na hÉireann a bhaint amach, lena n-áirítear do ghnólachtaí, tomhaltóirí agus fostaithe, in idirbheartaíocht maidir le himeacht na Ríochta Aontaithe as an AE.

Cur isteach ar thrádáil a íoslaghdú agus deiseanna ó imeacht RA as an AE a uasmhéadú.

Comhaontaithe trádála a idirbheartú, a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme, ag léiriú cuspóirí straitéiseacha na hÉireann agus ag éascú deiseanna trádála níos mó do ghnólachtaí Éireannacha.

Torthaí rathúla maidir le réimse forbairtí tábhachtacha EDT a bhfuiltear ag súil leo teacht chun cinn thar an tréimhse atá clúdaithe faoin Straitéis seo lena n-éascaítear fás na heaspórtála agus rochtain níos fearr ar ionchuir earraí agus seirbhísí domhanda.

Spríoc

a Seacht

Infheistiú inár bhfoireann agus tacú leo maidir le cumas na mball aonair agus a gcumas le chéile a threisiú tuilleadh, ardchaighdeán rialachais corparáidigh a chinntiú agus ár n-acmhainní a bharrfheabhsú lenár Straitéis, Misean agus Spríocanna a sheachadadh.

Tá lorg agus baint amach na Spríocanna atá leagtha amach sa Straitéis ag braith ar shármhaitheas agus iarrachtaí ár bhfoirne ar fad, arna tacú ag aonaid ghnó na Seirbhísí Corparáideacha. Is é ár bhfoireann ár bpríomhacmhainn. Cinnteoidimid straitéis agus cleachtais AC a bheidh tacúil agus infheisteoidimid i bhfoghlaim chomhroinnte agus forbairt ghairme lena chur ar chumas na mball foirne ar fad a chumas/cumas a fhás chun cion luachmhar a dhéanamh agus go mbeidh an tsolúbthacht acu freagairt ar phríomhcheistean de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn. Cinnteoidimid go léireofar dínit agus meas lenár gcultúr agus luachanna.

Déanfaimid ár n-acmhainní airgeadais, teicneolaíocha agus acmhainní eile a bharrfheabhsú chun tacú linn lenár gcuspóirí a bhaint amach agus le clár d'fheabhas leanúnach a chur chun feidhme.

- Glacfaimid páirt iomlán sa chlár oibre um athchóiriú leanúnach ar an tseirbhís phoiblí agus i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse, agus féachfaimid le líon tionscnamh inmheánach a dhéanamh faoi bhrateagraíocht ár dtionscnaimh Bealaí Úra le hOibriú. Áireofar leis sin infheistíocht shuntasach i bhforbairt na foirne chun saineolas agus cumas a mhéadú agus lena chur ar chumas ár bhfoirne feidhmiú ar na leibhéil is airde ar fud ár réimsí éagsúla gnó.
- Earcóimid baill foirne chomh maith ag a bhfuil scileanna sonracha chun ár saineolas i réimsí faoi leith a neartú. Lena chois sin, tá líon ball foirne ar iasacht ó thar lear ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

- Coimeádfaimid seirbhís optamach agus cion suntasach dár bhfoireann i bpríomhréimsí gnó á athlonnú againn (lena n-áirítear tacú le TFC agus córais eile).
- Leanfaimid ag féachaint le héifeachtúlachtaí agus seirbhís níos fearr do chustaiméirí trí fhócas leanúnach ar dheiseanna digiteacha.
- Déanfaimid beart bunaithe ar aiseolas ó shuirbhéanna rannpháirtíochta custaiméirí agus foirne chun cuidiú linn feabhas a chur ar ár seachadadh seirbhíse.
- Léireoidimid sármhaitheas sa rialachas corparáideach lena soláthrófar oscailteacht agus trédhearcacht agus lena gcinnteofar luach ar airgead.
- Tacóimid lenár bhfoireann trí thionscnaimh fholláine agus roghanna oibre solúbtha, chun cothromaíocht oibre is saoil a chinntiú do gach uile dhuine.

Oibreoidimid le Bord Bainistíochta na Státseirbhíse maidir le Plean Gníomhaíochta Cothromaíochta Inscne a chur chun feidhme, agus oibreoidimid le réidh a fháil le bacainní ar bith a d'fhéadfadh bheith ann a d'fhéadfadh daoine a stopadh ó dhul san iomaíocht i bpoist bainistíochta agus ceannaireachta sinsearaí agus páirt a ghlacadh iontu laistigh den Roinn agus ar fud ár nGníomhaireachtaí araon.

Mar aon dul lenár n-oibleagáidí faoin Acht um Choimisiún na hÉireann do Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá an Roinn tiomanta dá beartais, nósanna imeachta agus seirbhís a phromhadh ina réimsí gnó lena chinntiú go gcomhlíonfaimid ár gceanglais sa réimse um chearta an duine agus comhionannas.

Torthaí

Foireann fhreagrúil, ghairmiúil agus sholúbhta.

Córais éifeachtúla lena dtugtar tacaíocht straitéiseach dár ngnó.

Cultúr agus creat slán rialachais chorparáidigh agus luach ar airgead bainte amach i mbainistíocht mhaoiniú na Roinn,

Aguisín 1

Liosta de na Gníomhaíochtaí don Chlár do Rialtas Comhpháirtíocht atá le seachadadh ag RGFN

- Is é sprioc dheiridh an Rialtais úir fostaíocht iomlán inbhuanaithe a sheachadadh. Ciallóidh sé sin 200,000 post faoi 2020, agus beidh 135,000 de na poist sin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, rud a bheidh níos mó daoine ag obair ná bhí riamh mar thoradh air.
- Go sonrach, déanfaidh an Rialtas úr an méid seo a leanas:
 - Díriú ar 200,000 post breise ann faoi 2020, lena n-áirítear 135,000 post lasmuigh de Bhaile Átha Cliath
 - An ráta dífhostaíochta a laghdú go 6%
 - Filleadh 70,000 imirceach ar a laghad a éascú
 - Tús áite a thabhairt d'fhorbairt réigiúnach chothromaithe, agus dá sin beimid ábalta díriú ar ráta dífhostaíochta a bheidh laistigh d'aon faoin gcéad de mheán an Stáit a bheith i ngach contae faoi 2020
- Coimeádfaimid próiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist arna fhorhúiniú ag ECFE, agus ar bhonn bliantúil, rachaimid i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun Plean Gníomhaíochta a dhréachtú ina mbeidh na smaointe is fearr le haghaidh cruthú post laistigh de na hacmhainní a bheidh ar fáil.
- Cuirfimid pleananna post réigiúnach ar fáil, le hionchur áitiúil, chun cuidiú leis an bhfás a scaipeadh go gach ceantar. Is í aidhm na straitéisí sin gníomhaireachtaí agus cuideachtaí a spreagadh chun oibriú le chéile agus leas a bhaint as láidreachtaí iomaíochas gach réigiúin. Tabharfaimid sainordú d'Oifigí Fiontar Áitiúil chun spriocanna a bhaineann go sonrach le contae áirithe ar chruthú post a leagan síos.
- Spreagfaimid comhairle contae chomh maith le ról a imirt sna Plean Gníomhaíochta Réigiúnaí do Phoist agus cinnteoidimid go mothófar an téarnamh eacnamaíoch laistigh de gach doras sa chontae.
- €300 milliún sa bhreis i maoiniú caipitil idir Fiontraíocht Éireann agus Údarás na Gaeltachta ionas go mbeidh siad ábalta tacaíocht bhreise a chur ar fáil d'fhiontair Éireannach. Leis an maoiniú breise seo tabhairt acmhainní breise d'Oifigí Fiontar Áitiúil agus d'ghorlanna gnó chun cuidiú tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí beag ar fud na tíre.
- Tabharfar €200 milliún breise do ÚFT lena mbeidh sé ábalta, i measc nithe eile, tuilleadh poist ilnáisiúnta a mhealladh trí ard-saoráidí bhreise a thógáil i mbailte réigiúnacha. Beidh sé sin mar thoradh ar na 11 ard-saoráid atá á gcur chun feidhme faoi láthair.
- Tacaíocht a thabhairt do léim chun tosaigh i gcumas agus feidhmíocht ár n-earnáil fiontraíochta. Ár n-iomaíochas náisiúnta a chosaint ó fhás costas neamhinbhuanaithe (baineann sé sin le nuálaíocht agus infheistíocht ghníomhach chomh maith le héilimh ioncaim a shrianadh chuig fíorsheachadadh feabhsuithe táirgiúlachta.
- Barr a bhreith ar na bunrudaí a fháil ceart, agus timpeallacht ghnó oiriúnach do phoist a sheachadadh a bheith sa tsraith is fearr ar bhonn domhanda.
- Tabharfaimid urramú don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus don Chúirt Oibreachais mar an bhfóram cuí d'idirghabháil an stáit i ndíospóidí caidrimh thionsclaíoch agus cinnteoidimid go dtabharfar tacaíocht don dá chomhlacht agus go mbeidh go leor acmhainní acu lena ról a chomhlíonadh.

- Cinnteoidimid go ndéanfar ár leasanna náisiúnta a chosaint i bplé trádála ar bith amach, agus cuirfimid béim faoi leith ar mhairteoil agus ar chaighdeáin sábháilteachta bia.
- Oibreoidimid leis an gCoimisiún Eorpach agus comhghleacaithe ar fud an AE chun an toradh is fearr agus is féidir a bhaint amach d'Éirinn in idirbheartaíocht ar bith amach anseo. Oibreoidimid, go sonrach, lena chinntiú go gcoinneofar an prionsabal na coibhéise in idirbheartaíocht i gcomhthéacs sábháilteacht bia, inrianaitheacht agus caighdeáin táirgthe lena chinntiú go bhfuil táirgeoirí ar feidhme ar chothrom na féinne.
- Rannpháirtíocht na hÉireann i gCúirt Aontaithe na bPaitinní.

Aguisín 2

Samplaí de réimsí leasa leathain agus iarracht chomhoibríoch le Ranna Rialtais agus lena nGníomhaireachtaí

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Easpórtálacha agus trádáil, Foodwise 2025, Nuálaíocht 2020, H&S san earnálacha Feirmeoireachta agus lascaigh, na hAchtanna Ceimiceán – (REACH, CLP, Rialacháin Rotterdam).

Roinn an Taoisigh

Forbairt Pleananna Gníomhaíochta bliantúla do Phoist, Straitéis an Mhargaidh Aonair Dhigitigh, Measúnú Riosca Náisiúnta. Rannpháirtíocht trí réimse Coistí Comh-Aireachta, Grúpaí Oifigeach Sinsearach, etc.

An Roinn um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail

Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnaí do Phoist, cur i bhfeidhm Leathanbhanda, Plean Gníomhaíochta do Cheantair Thuaithe na hÉireann.

An Phríomh-Oifig Staidrimh

Réimse suirbhéanna ar fheidhmíocht fiontraíochta agus nuálaíochta, modúl QNHS ar thimpistí agus tinneas a bhaineann leis an obair, ionchuir i bhforbairt an Bhonneagair Náisiúnta Sonraí agus Aitheantóir Uathúil Gnó agus staitisticí táirgíúlachta.

An Roinn Cumarsáide, Gníomhú Aeráide agus Comhshaoil

Nuálaíocht 2020, cur i bhfeidhm leathanbhanda ardluais, slándáil agus soláthar fuinnimh, na hAchtanna Ceimiceán, obair chomhoibríoch ar an Scéim i ndáil le Trádáil Astaíochta, Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

An Roinn Cosanta

Comhoibriú na hEagraíochta Cosanta le heagraíochtaí tionsclaíochta agus taighde maidir le forbairt agus meastóireacht táirgí, Grúpa Fiontraíochta Slándála agus Cosanta, Cur chun Cinn thogra AE chun an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta a bhunú.

An Roinn Sláinte

Nuálaíocht 2020, Bunú ‘ Health Innovation Hub Ireland’ gné na háite oibre folláine den *Healthy Ireland Initiative*, na hAchtanna Ceimiceán.

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Beartas Náisiúnta Scileanna, Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna Amach Anseo, ganntanais príomhscileanna, Barr Feabhas agus buntaighde, Beartú tosaíochta Taighde, Infheistíocht in PRTL, Fiontraíocht san Oideachas, Scéim um Dheimhniú Scileanna Tógála faoi Chomhairle EPSCO.

An Roinn Airgeadas

Maoiniú le haghaidh Gnó, cánachais, cistí agus margaí, dócmhainneachta, frithsciúradh airgid, Grúpa Oibre um Chostas Cánachais.

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Tosaíochtaí caiteachais chaipitil chun tacú le forbairt fiontar, maoiniú caipitil agus reatha Gníomhaireachtaí, an Fhórait Eacnamaíoch Saothair-Fostóirí, an Earnáil Phoiblí agus Athchóiriú na Státseirbhíse.

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Ionadaíocht Bhuan AE, Beartas Trádála, Straitéis Trádála, misin Trádála, Tacaíocht do ghnó na hÉireann i margaí reatha/úra, straitéis taidhleoireachta Eacnamaíoch, An Coimisiún Comhpháirteach Eacnamaíoch, próiseas leis an tSín, an Araib Shádach agus an Chóiré, an Chomhairle Trádála Onnmhuiriúcháin/Grúpa Comhordaithe Trádála, obair leanúnach DFAT ar na Tíortha is lú Forbairt, Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus spriocanna Chlár Oibre 2030, cur chuige Uile-Rialtais maidir le beartas eachtrach, Cearta an Duine, an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, Tuairisciú don Chairt Shóisialta Eorpach na Comhairle Eorpaigh, córas ceadúnaithe agus forfheidhmiúcháin.

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Tionscadal Éire 2040, creat náisiúnta pleanála na hÉireann (Feabhra 2018). Tithíocht inacmhainne, próiseas pleanála, uisce, bainistíocht uisce, Príomhról na nÚdarás Áitiúil maidir le spriocanna na bPleananna Gníomhaíochta Réigiúnaí do Phoist a sheachadadh, *Clár um Chuimsiú Sóisialta agus um Ghníomhaíochtú Pobail (CCSGP)* na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an tAcht um Shubstaintí Contúirteacha- Ról ceadúnaithe na hÚdarás Áitiúil, na hAchtanna Ceimiceán, – Rialú Guaiseacha Mórthimpistí, an Grúpa Oibre Glacadóireachta – bealaí a iniúchadh chun tionóntachtaí dlíthiúla a chosaint.

An Roinn Ceartais/an Garda Síochána

Ceadanna fostaíochta, cigireachtaí ar chearta fostaíochta, iompar earraí contúirteacha de bhóthair, clár um Thiomáint um Obair, comhionannas fostaíochta mar chuid de chomhordú bheartas fostaíochta agus sóisialta Chomhairle EPSCO an AE, ceisteanna dócmhainneachta an AE,

Na Coimisinéirí Ioncaim

Cearta fostaíochta - Comh-imscrúduithe (WRC, DSP agus na Coimisinéirí Ioncaim), Ceadanna Fostaíochta, na hAchtanna Ceimiceán, Díl na gCuideachtaí.

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta

Prótacal idir an RGFN, DSP agus na Gníomhaireachtaí Fiontraíochta dírithe ar earcaíocht a uasmhéadú ag na Gníomhaireachtaí Fiontraíochta ón gClár Beo, pá íseal, beartas fostaíochta agus sóisialta AE faoi Chomhairle EPSCO, cearta Fostaíochta – Comh-imscrúduithe (WRC, DSP agus na Coimisinéirí Ioncaim).

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Bonneagar iompair.

Aguisín 3 - Roinn d'Fhóiraim Príomh-Páirtithe Leasmhara de chuid na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

Grúpa Cur chun Feidhme na bPleananna
Gníomhaíochta do Phoist

Grúpaí Comhairliúcháin Páirtithe Leasmhara
na bPleananna Gníomhaíochta do Phoist

ADR (Iompar Earraí Contúirteacha de
Bhóthar) Grúpa Idir-roinne/Gníomhaireachta

Grúpa Comhairleach ar Ghnólachtaí Beaga
(AGSB)

Grúpa Idir-roinne/Gníomhaireachta Ceimiceán

Fóram Páirtithe Leasmhara na hOifige um
Chlárú Cuideachtaí

Grúpa Athbhreithnithe um Dhlí na
gCuideachtaí

Grúpa Cur chun Feidhme na Straitéise
Cuimsithí Fostaíochta do Dhaoine faoi
Mhíchumas

Grúpa Náisiúnta Tras-Roinne 'Connecting for
Life'

Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta
Sábháilteachta Tógála

Fóram Páirtithe Leasmhara na Freagrachta
Sóisialta Corparáidí

Grúpa Oibre um Chostas Cánachais.

Fóram Fiontraíochta maidir le Brexit agus
Dúshláin Dhomhanda

Grúpa Comhairliúcháin Líonraí Imirceach
Eorpach.

Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna Amach
Anseo

Grúpa Maoirseachta an Mhoil Nuálaíochta
Sláinte

Foghrúpa an Chreata d'Áit Oibre Shláintiúil

Coiste Cur chun Feidhme Plean
Gníomhaíochta Bhaile Átha Cliath do Phoist

Coiste Cur chun Feidhme Plean
Gníomhaíochta an Lár-Oirthir do Phoist

Coiste Cur chun Feidhme Plean
Gníomhaíochta Lár na Tíre do Phoist

Coiste Cur chun Feidhme Plean
Gníomhaíochta an Lár-Iarthair do Phoist

Coiste Cur chun Feidhme Plean
Gníomhaíochta an Oirthuaiscirt /
Iarthuaisceart do Phoist

Coiste Cur chun Feidhme Plean
Gníomhaíochta an Iardheiscirt do Phoist

Coiste Cur chun Feidhme Plean
Gníomhaíochta an Oirdheiscirt do Phoist

Coiste Cur chun Feidhme Plean
Gníomhaíochta an Iarthair do Phoist

Grúpa Páirtithe Tionsclaíochta

Grúpa Cur chun Feidhme Nuálaíocht 2020

An Grúpa Idir-roinne ar Thús Áite do Leanaí

An Cumann Idirnáisiúnta Rialtóirí
Dócmhainneachta.

Fóram Páirtithe Leasmhara Aistriú Eolais
Éireann

An Fóram Eacnamaíoch Saothair-Fostóirí
(LEEF)

An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

An Fóram Náisiúnta um Dhearadh

Grúpa Cur chun Feidhme na Straitéise
Náisiúnta Cuimsithí do Dhaoine faoi
Mhíchumas

Grúpa Náisiúnta Stiúrtha OFÁ

An Fóram Náisiúnta Taighde Oscailte

Grúpa Cur chun Feidhme na Straitéise
Náisiúnta do Mhná agus Cailíní 2017-2020

Fóram um Comhairliúchán Miondíola

Grúpa chomhairle FBM ar Sholáthar Poiblí

Grúpa Cumarsáide Comhlachtaí Stáit FBM

Grúpa Maoirseachta Páirtithe Leasmhara
SOLAS

Todhchaíochtaí Teicneolaíochta

Grúpa Ardleibhéil idir-roinne maidir le
Deiseanna Nua 2020

An Grúpa Comhordaithe Mara idir-roinne

An Grúpa Oibre maidir le Struchtúir Caidrimh
Thionsclaíoch don Gharda Síochána.

Aguisín 4 – Uaillmhian arna leagan amach in Fiontraíocht 2025 Athnuaithe agus Nuálaíocht 2020

Tá na spriocanna arna leagan amach in Fiontraíocht 2025 Athnuachan agus Nuálaíocht 2020 ina gcúlra le Ráiteas Straitéise 2018-2021 RGF1

Tábla 1 Torthaí, fostaíocht agus caighdeán na beatha

Torthaí Náisiúnta Uileghabhálacha	Meadarach	Feidhmíocht Reatha	Acmhainneacht faoi 2020
Fostaíocht			
2.3 milliún duine ar a laghad i bhfostaíocht inbhuanaithe	Fostaíocht iomlán	2.2 milliún ¹	2.3 milliún
Níos mó ná 71% de dhaoine idir 20 agus 64 bliain d'aois a choinneáil i bhfostaíocht faoi 2020	Ráta fostaíochta daoine idir 20 agus 64 bliain d'aois (Eurostat)	71.4%	73.0%
Caighdeán Mhaireachtála			
Maireachtáil a choinneáil ag os cionn na meánstaidhe i gcoibhneas le Limistéar an Euro 19 ² .	OIN per capita i gCaighdeán Cumhachta Ceannaigh i gcoibhneas le Limistéar an Euro 19	133	<i>Monatóireacht ar fheidhmíocht go 2020</i>

Tábla 2 Timpeallacht ghnó

Toradh	Meadarach	Feidhmíocht Reatha	Acmhainneacht faoi 2020
Iomaíochas			
Bheith sna 5ú tíortha beaga is iomaíche sa domhan ³	Rangú na 6 tír is lú 'Ag Déanamh Gnó'	an Bhainc Dhomhanda ⁴	1-5
Inbhrabús ar fud Gheilleagar Ghnóthais na hÉireann a choimeád	Glanbarrachas oibriúcháin mar % de láimhdeachas	9.9%	10.0%
Nuálaíocht			
Méadú ar an Infheistíocht i TF&N	GERD mar chéatadán den OTN	1.44%	2.5%
Cultúr Nuálach: FBManna ag tabhairt isteach nuálaíocht táirgí nó próiseas	Mar % de gach FBM	45%	50%

¹ Suirbhé CSO ar an Lucht Saothair R3 2017

² Táscaire monatóireachta, níl sprioc ar bith socraithe; sonraí Eurostat

³ Bunaithe ar thíortha ardioncaim (arna ainmniú ag an mBanc Domhanda) agus daonra de laistigh de +/-20% de dhaoine na hÉireann.

⁴ Nua-Shéalainn (1), Singeapór (2), an Danmhairg (3), an Iorua (4), an Fhionlainn (5), Éire (6)

Toradh	Meadaracht	Feidhmíocht Reatha	Acmhainneacht faoi 2020
Tallann			
Lucht oibre ardoilte	Gnóthú oideachais threasaigh daoine idir 30-34 bliain d'aois	52.9%	60%
Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna	Áiteanna do phrintíseachtaí agus do chúrsaí oiliúna.	10,445 printíseach 4,151 oiliúnaí	31,000 19,000
Foghlaim ar feadh an tSaoil [Sprioc AE 15%]	Rannpháirtíocht daoine fásta idir 25-64 bliain d'aois san Fhoghlaim ar feadh an tSaoil (Eurostat)	6.4%	10% ⁵
Táirgiúlacht			
Táirgiúlacht i gcuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach	OLB in aghaidh an duine atá rannpháirteach in Eurostat	Éire, €52,700 RA €55,000 & an Ghearmáin €52,200,	Monatóireacht go 2020 - coibhéiseach leis an RA agus an nGearmáin
Táirgiúlacht iomlán an Gheilleagair	Aschur in aghaidh na hoibre a oibríodh, geilleagar iomlán, athrú céatadán ar an ráta bliantúil ⁶	2.3% Éire ar dtús in AE 2015	Áit sa 5 thír bheag is fearr in AE a mhonatóiriú agus a choimeád go dtí 2020.
Fás faoi stiúir easpórtála			
Fás ar easpórtálacha dúchasacha	Easpórtálacha Chliaint FÉ	€21.6 billiún	€26 billiún
Fás faoi stiúir easpórtála ⁷	% De Sciar Déantúsaíochta Trádála Domhanda	0.80%, 33ú áit ar domhan, 2016	
Fás faoi stiúir easpórtála ⁸	% De Sciar Seirbhísí Trádála Domhanda	3.04%, 10ú háit ar domhan, 2016	

⁵ Straitéis Náisiúnta Scileanna 10% faoi 2020, 15% 2024

⁶ Ranníocann earnálacha méideanna éagsúla le feidhmíocht iomlán táirgiúlachta an gheilleagair. Ba chóir go ndéanfaí anailís ar an leibhéal earnála mar aon leis an monatóireacht ar fheidhmíocht iomlán an gheilleagair. Tá na líonta sin bunaithe ar OTI, a ro-shonraíonn an staid de ghnáth

⁷ Táscaire monatóireachta, níl sprioc socraithe, % de Sciar Déantúsaíochta Trádála Domhanda a Chomhroinnt 0.61%, 36ú áit ar domhan 2013

⁸ Táscaire monatóireachta, níl sprioc socraithe, % de Sciar Seirbhísí Trádála Domhanda 2.70%, 36ú áit ar domhan 2013

Tábla 3 Forbairt réigiúnach

Toradh	Meadaracht	Feidhmíocht Reatha	Acmhainneacht faoi 2020
Fostaíocht			
Ní bheidh rátaí dífhostaíochta réigiúnacha níos airde ná 1 phointe faoin gcéad os cionn an ráta náisiúnta dífhostaíochta	Dífhostaíocht réigiúnach	<1% cé is moite de Lár na Tíre, 2.4%; an Lár-Oirthear 1.5%; agus an tOirdheisceart 1.1%	<1% gach réigiún

Tábla 4 Forbairt na Fiontraíochta

Toradh	Meadaracht	Feidhmíocht Reatha	Acmhainneacht faoi 2020
Fiontraíocht Inbhuanaithe			
Líon na ngnólachtaí nuathionscanta a mhéadú	Líon na bhfiontar úr in aghaidh na bliana	18,100	18,848
Ráta marthana na ngnólachtaí nuathionscanta (5 bliana) ar fud an gheilleagair	Líon na bhfiontar a mhaireann suas le 5 bliana a mhéadú 25%	9,331	12,495
Fás ar an ráta de Ghnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne tacaíthe ag FÉ – béim ar cháilíocht agus ar fheidhmíocht	Tacaíthe ag HPSU	91 (2017)	90 in aghaidh na bliana
Méadú ar chéatadán HPSUanna maidir le huailmhian 3 bliana de €1 mhilliún ar a laghad i ndíolacháin a fháil [ardú thart ar 45% i gcomparáid le 2016]	Feidhmíocht HPSU	23% (2016)	33%
Méadú ar ghníomhaíocht scálaithe	Gnóthais FÉ >€3 mhilliún - díolacháin lasmuigh d'Éirinn	1,003	1,100
	Gnóthais FÉ > €20 milliún - díolacháin lasmuigh d'Éirinn	272	300
	Gnóthais FÉ > €100 milliún - díolacháin lasmuigh d'Éirinn	64	90
Méadú ar an Infheistíocht i IDE	Infheistíochtaí i IDE 1,080 infheistíocht tacaíthe ag ÚFT thar an tréimhse 2015-2020 Sprioc ÚFT de 900 faoi 2019 eachtarshuite	694 (2015-2017)	1080

Toradh	Meadaracht	Feidhmíocht Reatha	Acmhainneacht faoi 2020
Éagsúlú margáí IDE	Líon na n-infheistíochtaí ó mhargáí neamh-SAM	227 (2010-2014)	Méadú 50% (2015-2020)
Fás agus éagsúlú easpórtálacha			
Déine easpórtála na hÉireann a mhéadú	Easpórtálacha Éireannacha mar % díolacháin	52%	55%-60%
Bonn na n-easpórtálacha Dúchasacha a leathnú	Easpórtálacha Chliant FÉ thar mhargáí na Ríochta Aontaithe	€1.5 billiún	€17 billiún
Bonn na n-easpórtálacha Dúchasacha a leathnú	Easpórtálacha Chliant FÉ chuig Limistéar an Euro	€4.2 billiún (2015)	€6.3 billiún Méadú 50% ar 2015
Fostaíocht			
Méadú ar fhostaíocht tacaithe ag FÉ	Fostaíocht iomlán gníomhaireachtaí cliantbhunaithe	209,338	225,000 ⁹
Méadú ar an bhfostaíocht a bheidh tacaithe ag ÚFT	Fostaíocht iomlán gníomhaireachtaí cliantbhunaithe	210,443	225,000 ¹⁰
Nuálaíocht			
Gnóthais ghníomhacha TFN	Líon Ghnóthais T&F FÉ >€100,000	937	1000
Gnóthais ghníomhacha scála TFN	Líon Ghnóthais T&F FÉ >€1 mhilliún	134	220
T&F hinfeistíocht i TFN	Carnach in infheistíocht TFN	€3.3 billiún	€3.6 billiún
Méadú ar hnóthais ghníomhacha TFN Eachtracha	Cuideachtaí gníomhacha TFN IDE	431	475 ¹¹

⁹ Meastachán, bainte as an uailmhian reatha maidir le fás na fostaíochta mar atá leagtha amach i Straitéis Fhiontraíocht Éireann 2017-2020. Imreoidh méid an tionchair eacnamaíoch a thiofadh as Brexit tionchar mór ar an gcumas an acmhainneacht sin a bhaint amach

¹⁰ Buachan: Rinneadh Infheistíocht Dhíreach Eachtrach 2015-2019 a eachtarshuí go 2020 in *Fiontraíocht 2025*. Rinneadh coigeartuithe i bplé le ÚFT Éireann, agus aird á tabhairt ar fhorbairtí idirnáisiúnta suntasacha, agus níor eol na tionchair bheachta leo fós

¹¹ Buachan: Infheistíocht Dhíreach Eachtrach 2015-2019 a eachtarshuí go 2020

Toradh	Meadaracht	Feidhmíocht Reatha	Acmhainneacht faoi 2020
Cóngas			
Comhoibriú eagraíochtaí taighde fiontair – phoiblí a mhéadú	Líon de chomhoibriú	FÉ ¹² 1,065 FOÉ ¹³ 1,941	FÉ 1,200 FOÉ 2,600
Méadú 25 faoin gcéad ar an gCaiteachas Geilleagair Díreach idir 2013 agus 2020 (Ábhair agus seirbhísí Éireannacha)	ABSEI DEE	€25 billiún	€28.6 billiún
Comhoibriú nuálach (FBManna) le heagraíochtaí eile (comhoibriú teicneolaíoch)	FBManna nuálacha ag oibriú mar chéatadán de FBManna	31%	45%
Tallann agus forbairt scileanna			
Infheistíocht in oiliúint d'fhostaithe (dúbailt thar an tréimhse 2014-2020)	Caiteachas ar oiliúint in aghaidh an fhostaithe in aghaidh na bliana i gnóthais tacaíthe ag Gníomhaireacht	€618	€1,100

Tábla 5 Táscairí monatóireachta

Táscaire	Meadaracht	Feidhmíocht Reatha	Táscaire monatóireachta
Fás Fostaíochta Inbhuanaithe			
Fostaíocht in earnálacha baile	Táscaire Monatóireachta: Cion den lucht saothair fostaithe sna seacht n-earnáil ina gcuimsítear an chomhpháirt 'bhaile' den gheilleagar ¹⁴	48%	Tá an cion d'fhostaíocht 'bhaile' fós faoi 50%
Bearna idir fostaíocht i ngníomhaíocht intíre agus easpórtála	Difríocht idir cion an lucht saothair fostaithe i ngníomhaíocht na hearnála intíre agus an cion fostaithe sa ghníomhaíocht easpórtála ¹⁵ (% difreálach pointe)	30%	Tá an bhearna idir fostaíocht idir an gníomhaíocht intíre agus easpórtála fós faoi 32%

¹² Áirítear leis tionscadail mhaoinithe lenar thacaigh Fiontraíocht Éireann lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta a Faomhadh + Tionscadail Tairisí Teicneolaíochta a Cuireadh i gcrích + Dearbháin Nuálaíochta a Fuasclaíodh. Tabhair do d'aire gur cosúil go bhfuil an méid comhoibríthe, nach bhfuil gach ceann díobh bainteach le maoiniú luaithe faoina mheas

¹³ Áirítear leis an comhoibriú ar fad, cuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach agus Eachtrach, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

¹⁴ Áirítear leis sin seirbhís tógála, mórdhíola agus miondhíola, iompair agus stórála, cóiríochta agus bia, seirbhísí gairmiúla, eolaíochta, teicniúla, riaracháin agus tacaíocht, agus seirbhísí eile, QNHS

¹⁵ Chun críche na hanailíse faoi leith seo, meastar fostaíocht na gníomhaíochta easpórtála ag baint úsáid as sonraí CSO QNHS, go háirithe cóid NACE B-E (tionscal) agus J (Faisnéis agus cumarsáid), agus sonraí ó Suirbhé Fostaíochta Bliantúil na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (Seirbhís a Thrádáiltear go hIdirnáisiúnta)

Tábla 6 Príomhspríocanna Nuálaíochta – Nuálaíocht 2020

	Meadaracht	Bonnlíne ¹⁶	Na sonraí is déanaí	Spríoc 2020	Foinse Sonraí
1	GERD (Glancaiteachas ar Thaighde agus ar Fhorbairt – poiblí agus príobháideach araon)	€2.9 billiún	€3.25 billiún (2016)	2.5% de OTN	RGFN
2	Méadú ar mhaoiniú príobháideach le haghaidh T&F a fheidhmítear san earnáil ardoideachais (AO)	€24 milliún in aghaidh na bliana	€31.2 milliún (2015)	€48 milliún in aghaidh na bliana	Suirbhé HERD RGFN
3	Clárúcháin ar mháistreacht taighde agus Ph.D a mhéadú	2,235 (leasaithe) (2013/14)	2,201 (2016/17)	Méadú 500	ÚAO
4	Pearsanra Taighde ¹⁷ san Fhiontraíocht	24,785 (2013)	26,336 (2015)	40,000	Suirbhé BERD (CSO)
5	Méadú a dhéanamh ar líon na ngnóthas atá ¹⁸ : a. Gníomhach ó thaobh na nuálaíochta de b. Ina ngníomhaithe suntasacha T&F c. Ina ngníomhaithe móra T&F	a. 58% b. 1,040 c. 170	a. 61% b. 1,182 c. 184 (2015)	a. 73% b. 1,200 c. 200	Suirbhé um Nuálaíocht i bhFiontair Éireannacha (CSO)
6	Spríocanna Tráchtálaithe a. Teicneolaíochtaí atá ábhartha ó thaobh na teicneolaíochtaí de (Ceadúnais, Roghanna, Sannacháin) b. Mac-chuideachtaí c. Gnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne (HPSUanna) ó Mhac-chuideachtaí d. Tionscadail taighde chomhoibríocha idir fiontair agus PRS ¹⁹	a. 124 b. 29 c. 11 d. 878	a. 186 b. 26 c. 15 d. 1,036 (2016)	a. 175 b. 40 c. 16 d. 920	FÉ/Aistriú Eolais Éireann
7	Íostarraing Deiseanna Nua 2020	€620 milliún faoin FP7	€424m (Bealtaine 2017)	€1.25 billiún	An Coimisiún Eorpach
8	Scórchlár Nuálaíochta na hEorpa : feidhmíocht i gcoibhneas le meán an AE	+13% (2015)	+13% (2016)	+20%	An Coimisiún Eorpach
9	A mhéid a gceapann an pobal go bhfuil siad ar an eolas faoi T&F in STEM.	49% (2015)	n/b	60%	Suirbhé baraiméadair (FOÉ, débhlantúil)

¹⁶ Is í 2014 an bhonnlíne, mura sonraítear a mhalairt.

¹⁷ Áirítear leis taighdeoirí, teicneoirí agus foireann tacaíochta.

¹⁸ Ag baint úsáid as sainmhínte CSO.

¹⁹ Córas Taighde Phoiblí.

Aguisín 5 – Oifigí & Gníomhaireachtaí RGFN

Oifigí



Gníomhaireachtaí



Eile

